Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Nollaig 2021**
**(OR. en)**

**14779/21**

**INST 443**
**POLGEN 199**
**AG 118**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Clársceidealú Reachtach: Dearbhú Comhphháirteach maidir le tosaíochtaí reachtacha an Aontais do 2022 |

1. De réir mhír 7 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[1]: *'I ndiaidh Chlár Oibre an Choimisiúin a bheith glactha, agus ag tarraingt as an gclár oibre sin, beidh malartú tuairimí idir na trí Institiúid maidir leis na tionscnaimh don bhliain atá romhainn agus comhaontóidh siad dearbhú comhpháirteach maidir le clársceidealú idirinstitiúideach bliantúil ("dearbhú comhpháirteach") a bheidh le síniú ag Uachtaráin na dtrí Institiúid.'*

2. Ghlac an Coimisiún a Chlár Oibre do 2022 an 19 Deireadh Fómhair 2021[2]. Cuireadh an Clár Oibre faoi bhráid na Comhairle (Gnóthaí Ginearálta) an 23 Samhain 2021.

3. Ina dhiaidh sin, rinne an Uachtaránacht, in éineacht leis an dá uachtaránacht inteachta, an dréacht-Dearbhú Comhpháirteach a chaibidil le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún. Thángthas ar chomhaontú sealadach maidir leis an téacs an 6 Nollaig 2021.

4. An 8 Nollaig, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú maidir le téacs an dréacht-Dearbhaithe Chomhpháirtigh[3].

[1] IO L 123, 12.5.2016, lgh. 1-14.
[2] 13003/21 + ADD 1.
[3] 14130/21.

5. Iarrtar ar an gComhairle, dá bhrí sin, téacs an Dearbhaithe Chomhpháirtigh a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a fhormheas.

6. Tá na ráitis, atá le cur i miontuairiscí na Comhairle, leagtha amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.

7. Ach a mbeidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus ag Uachtarán an Choimisiúin, foilseofar an Dearbhú Comhpháirteach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

**Tosaíochtaí Reachtacha an Aontais do 2022**

***Dearbhú Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach***

Le 2 bhliain anuas, tá an tAontas seo againn ag tabhairt aghaidh ar éifeachtaí forleathana phaindéim COVID-19, i dteannta le hiarmhairtí tubaisteacha an athraithe aeráide ar soiléire iad ná riamh agus imeachtaí suaiteacha domhanda. Tá sé léirithe againn gur féidir linn na dúshláin shainiúla sin a shárú trí ghníomhú le chéile, go tapa agus go cinntitheach.

Le cabhair ó bhuiséad fadtéarmach an Aontais do 2021 go 2027, ó NextGenerationEU, agus an tSaoráid um Théarnamh agus Athléimneacht i lár báire, tuartar go dtiocfaidh geilleagar na hEorpa ar ais níos tapa ná mar a rabhthas ag súil leis ar dtús. Leis na hionstraimí stairiúla sin, tá seans againn teacht slán ón ngéarchéim atá ann de dheasca na paindéime agus sinn níos láidre ná riamh, ár ngeilleagair agus ár sochaithe a dhéanamh níos cothroime, níos glaise agus níos digití, agus deiseanna agus poist a chruthú don Eoraip ar mian lenár saoránaigh cónaí inti.

An fhís straitéiseach le haghaidh Aontas a bheidh athbheoite agus níos athléimní, fís a chumhdaítear sna chéad Chonclúidí Comhpháirteacha riamh dár dtrí institiúid maidir le cuspóirí beartais agus tosaíochtaí beartais do 2020 go 2024[4], leanfaidh sí de bheith ina treoir dúinn. Beidh sé ríthábhachtach feabhas a chur ar athléimneacht an Aontais, lena n-áirítear i réimse na sláinte agus na cibearshlándála, chun an claochlú sin a bhaint amach ar bhealach inbhraite. Chun a leasanna agus a luachanna a chosaint níos fearr agus chun cabhrú leis an timpeallacht nua dhomhanda, ní mór dúinn cumas na hEorpa chun gníomhú go neamhspleách a threisiú agus a tionchar domhanda a neartú. Ar mhaithe le todhchaí na hEorpa, ní mór dúinn ár luachanna bunúsacha agus an smacht reachta a chosaint laistigh den Aontas agus dá Bhallstáit.

Ní tharlóidh claochlú ár n-ilchríche ach le toiliú ár saoránach. Tá bealaí curtha ar fáil againn chun a dtuairimí a nochtadh tríd an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa. Táimid tiomanta i gcónaí obair leantach a dhéanamh ar thoradh na Comhdhála.

[4] IO C 18I, 18.1.2021, p. 5–8.

Is tábhachtaí fós a bheidh sé díriú ar chur i bhfeidhm agus ar chur chun feidhme agus sinn ag druidim le meántéarma an timthrialla institiúidigh. Beidh sin ina chabhair dúinn ár bhfís don Eoraip a aistriú ina sochair i saol laethúil na saoránach. Is léiriú é an Dearbhú Comhpháirteach seo do 2022, lena gcuirtear leis na gealltanais a thugamar agus an méid a bhaineamar amach in 2021, ar a dhiongbháilte atáimid chun cuspóirí agus tosaíochtaí beartais na gConclúidí Comhpháirteacha a bhaint amach.

Leis an Dearbhú Comhpháirteach seo, leagaimid béim ar na príomhthograí reachtacha[5] a ndéanfaidh na trí institiúid a seacht ndícheall ina leith chun a áirithiú go ndéanfar an oiread dul chun cinn agus is féidir faoi dheireadh 2022. Baineann sin leis na tionscnaimh atá i lámha na gcomhreachtóirí agus leo siúd a chuirfidh an Coimisiún Eorpach ar aghaidh faoi fhómhar 2022.

Comhaontaíonn na trí institiúid na príomhchuspóirí beartais seo a leanas a chur ar bharr an liosta tosaíochta in 2022:

1. Chun an Chomhaontú Glas don Eoraip - straitéis fáis atá cóir, cuimsitheach agus inbhuanaithe go sóisialta - agus an sprioc atá aige aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, a chur i gcrích, rachaimid chun cinn leis na tograí a cuireadh i láthair cheana, go háirithe an pacáiste 'Oiriúnach do 55'. Cuirfidh an méid sin le ceannaireacht an Aontais i gcomhrac domhanda an athraithe aeráide. Gníomhóimid freisin chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim na bithéagsúlachta, dul i ngleic le truailliú uisce agus aeir agus úsáid níos inbhuanaithe lotnaidicídí a áirithiú. Neartóimid an ceart atá ag tomhaltóirí táirgí a dheisiú chun an claochlú i dtreo geilleagar ciorclach a bhogadh ar aghaidh. Oibreoimid chun margadh fuinnimh an Aontais a dhéanamh níos athléimní, níos sláine agus níos costéifeachtaí ionas go dtacóidh sé leis an gclaochlú i dtreo na haeráidneodrachta, agus rachaimid i ngleic le tionchar na bpraghsanna fuinnimh ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí.
2. Chun **Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach** a bhaint amach, is mian linn go mbeidh deacáid Dhigiteach na hEorpa ann agus go mbeimid ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain maidir le teicneolaíocht iontaofa, shlán agus dhaonlárnach a fhorbairt. Tabharfaimid tús áite don obair ar sheirbhísí digiteacha agus ar mhargaí digiteacha, chomh maith leis an intleacht shaorga, sonraí agus cumarsáid shlán spásbhunaithe. Oibreoimid freisin chun an chibear-athléimneacht a fheabhsú. Mar bhealach chun geilleagar dinimiciúil sonraí a chur chun cinn, neartóimid a thuilleadh infheistíocht na hEorpa in acmhainneacht nuálach agus theicneolaíoch, lena n-áirítear i réimse na leathsheoltóirí. Leanfaimid ar aghaidh leis an bplé maidir le hionstraim éigeandála chun suaití i margadh aonair an Aontais amach anseo a chosc. Déanfaimid obair leantach freisin ar an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an straitéis thionsclaíoch, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar spleáchais i bpríomhréimsí straitéiseacha.

[5] Faoin nGnáthnós Imeachta Reachtach.

3. Chun geilleagar a fheidhmíonn do dhaoine a chur ar fáil, oibreoimid le chéile sna hiarrachtaí chun tacú leis na Ballstáit chun an damáiste eacnamaíoch agus sóisialta a tharla mar thoradh ar an bpaindéim a dheisiú agus chun a áirithiú nach bhfágfar na daoine bochta agus na daoine is leochailí inár sochaithe ar lár. Tabharfaimid tús áite do chur chun feidhme nithiúil Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus dhearbhú Chruinniú Mullaigh Porto, lena n-áirítear rialacha chun oibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le nochtadh do shubstaintí guaiseacha, chun feabhas a chur ar na coinníollacha d'oibrithe ardáin agus chun deireadh a chur leis an mbearna phá idir na hinscní. Déanfaimid iarracht deiseanna do dhaoine óga a fheabhsú, lena n-áirítear trí na gníomhaíochtaí faoi Bhliain Eorpach na hÓige. Cuirfimid cuimsiú sóisialta agus cóineasú sóisialta chun cinn, agus inniúlachtaí náisiúnta agus éagsúlacht na samhlacha i margadh an tsaothair san Aontas á n-urramú ina n-iomláine ag an am céanna, go háirithe trí phá cothrom agus poist chuibhiúla a chosaint. Oibreoimid chun ár slabhraí soláthair a neartú agus cuirfimid beartas láidir trádála chun cinn. Cuirfimid chun cinn córas trádála riailbhunaithe lena n-áiritheofar cothrom na Féinne agus cleachtais chóirthrádála chomh maith le comhaontuithe nua trádála. Oibreoimid chun rochtain ar chaipiteal a éascú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus déanfaimid ár ndícheall an t-aontas baincéireachta a chur i gcrích. Tar éis an chomhaontaithe idirnáisiúnta stairiúil maidir le hathchóiriú cánach domhanda, táimid tiomanta a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go pras agus go comhchuibhithe é agus go dtógfar air ionas go n-oibreoidh ár gcórais cánach corparáide ar bhealach cóir, fónta. Cuirfimid feabhas ar an gcreat rialála maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe agus rachaimid i ngleic le sciúradh airgid, calaois chánach, imghabháil cánach agus cineálacha eile coireachta airgeadais.

4. Chun **Eoraip níos láidre sa domhan mór** a bhaint amach, leanfaimid de chomhpháirtíochtaí straitéiseacha nascachta a thógáil trí Thairseach Dhomhanda an Aontais. Chun cur chun feidhme chlár oibre an Aontais maidir le slándáil agus cosaint a áirithiú, formhuineoimid an Compás Straitéiseach agus táimid ag tnúth leis an bpacáiste cosanta atá ar na bacáin, lena n-áirítear an treochlár maidir le teicneolaíochtaí criticiúla don tslándáil agus don chosaint, agus lena gcuirfear feabhas ar chosaint an Aontais i gcoinne bagairtí hibrideacha. Oibreoimid chun smachtbhannaí seach-chríochacha tríú tír a dhíspreagadh agus oibreoirí an Aontais a chosaint ar na smachtbhannaí sin tríd an Rialachán maidir le reacht blocála a threisiú.

5. Chun **ár ndóigh bheatha Eorpach a chur chun cinn**, leanfaimid den obair maidir le hAontas Sláinte na hEorpa láidir a thógáil chun ullmhacht agus athléimneacht an Aontais a neartú i bhfianaise géarchéimeanna sláinte amach anseo. Táimid tiomanta i gcónaí dul chun cinn a bhaint amach i ndáil leis an gcomhshocrú nua maidir le himirce agus tearmann mar ábhar práinne. Oibreoimid chun limistéar Schengen a athchóiriú, lena n-áirítear trí cheachtanna a fhoghlaim ó phaindéim COVID-19 agus ó ghéarchéimeanna eile a tharla le déanaí, agus troidfimid i gcoinne na coireachta eagraithe agus na sceimhlitheoireachta.

6. Chun ár ndaonlathas a chosaint agus a neartú ar fud an Aontais agus chun ár gcomhluachanna Eorpacha a chosaint, agus leas á bhaint as na hionstraimí uile atá ar fáil dúinn, leanfaimid den smacht reachta a chosaint, i gcomhréir leis na Conarthaí. Is bunluach de chuid an Aontais Eorpaigh é an smacht reachta agus tá sé ríthábhachtach chun go bhfeidhmeoidh an tAontas agus a dhlíchóras go héifeachtach. Seasfaimid an fód chun saoirse agus iolrachas na meán a ráthú agus chun iriseoirí a chosaint. Oibreoimid chun comhionannas a fheabhsú, lena n-áirítear trí ghníomhú ar ról agus ar neamhspleáchas na gcomhlachtaí comhionannais, agus chun dul i ngleic le fadhb leanúnach an fhoréigin i gcoinne na mban.

Ina theannta sin, meabhraítear dúinn ar dtiomantas:

- oibriú chun gach cineál idirdhealaithe a dhíothú agus cearta agus comhdheiseanna do chách a chur chun cinn;
- leanúint de chur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta;
- an treochlár ceangailteach chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach in am trátha a chur chun feidhme, mar a comhaontaíodh sa Chomhaontú Idirinstitiúideach;
- rochtain dhomhanda ar vacsaíní COVID-19 a fheabhsú;
- ról an Aontais a neartú mar ghníomhaí domhanda ar fud na limistéar geografach ar fad, agus i gcomhpháirtíochtaí déthaobhacha agus iltaobhacha;
- dlús a chur leis an bpróiseas aontachais arís chun leas straitéiseach an Aontais, i gcomhréir le modheolaíocht fheabhsaithe an mhéadaithe.

Geallann na trí institiúid go n-oibreoidh siad ar thosaíochtaí comhroinnte 2022 faoi threoir phrionsabail na muiníne frithpháirtí, an mheasa agus an mheoin chomhoibrithigh. Áiritheoimid freisin reachtaíocht atá ann cheana a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú mar is ceart.

Oibreoimid go diongbháilte chun Eoraip níos glaise, níos cothroime, níos láidre, níos digití agus níos athléimní a chur ar fáil dár saoránaigh, Aontas nach bhfágfaidh aon duine ar gcúl, agus a sheasann go teanntásach dá chroíluachanna thar lear agus sa bhaile.

Déanfaimidne, mar Uachtaráin ar Pharlaimint na hEorpa, ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ar an gCoimisiún Eorpach, faireachán géar ar chur chun feidhme tráthúil éifeachtach an Dearbhaithe Chomhpháirtigh seo.